Ní guais liom th’urchar, a Aodh

[McKenna, L. *Iomarbhágh na bhFileadh* (Irish Texts Society, vols 20, 21, 1918); no. 17]
Tadhg mac Dáire .cc.

1 Ní guais liom th-urchar a Aodh
bíodh go mbídis drong deagh-laoch
sgáthmhar ret airm gus anois
th-airm féin ní hiad do ghlacais.

2 An t-arm nua a Mhic Í Dhomhnaill
ararbh áil do lámh d’fhoghluim
lughaide is baoghal do neach
ní fhuil sé id láimh go díreach.

3 Do shaoil mé a Mhic Í Dhomhnaill
gur gnáth agaibh ceart chomhluinn
neach ar a mbiadh fear ’s a lucht
ní ris badh caithte th-urchar.

4 Atá an file an fear dána
’s an tí ghlacas naomh-ghrádha
ag cur oram re raille
agaibh ’s go fiú an úcaire.

5 Má do chaithis fear mar chách
th-urchar riom ní móide ar sgáth
beag mo bhríogh na caitheamh dhuid
sginnidh na hairm don charraig.

6 Atá leathtrom orm a Aodh
ar feadh ar n-aighnis ar aon
oircheas dhamh a shloinneadh soin
amhail a-déar im dheaghaidh.

7 Leasg liom mar onóir dot fhuil
bréag do thubha i n-aghaidh ruibh
a leigean orm is leasg dhamh
neimh-leasg do dhán ré dhéanamh.

8 Ní nár leat ná dhuit a Aodh
dá dtagra sibh seanchus claon
badh nár liom-sa as mo los
claonadh siolla i seanchas.

9 Ní badh toibhéim don taoibh thuaidh
aimh-leasg mé fá aithris uaim
adhbhar béime don taoibh theas

éasgaidh libh é mar aighneas.

10 Tar gach leathtrom dá bhfuil ann
i n-airm Dé do chlódh do rann
malairt urchair uaim tar ais
do bhéar ar inneall th-amhais.

11 Do bhéar mo fhreagra feasda
ar bhar ndán gá ní as leasga
ní i modh bhus roi-bhinn libh
mé chuige is mairg do éignigh.  NÍ GUAIS.